CEACHT 31

LÁ FAOIN TUATH



Pictiúr: Radharc:

Páid agus Seán ag siúl sa pháirc, an ghrian ag bun na spéire, coinín ag rith, claí (páirc eile), bó, tarbh le cur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann. Páid agus Seán ag rith, ansin iad sa bhaile ag caint le Mamaí.

Céim 4: Moncaí (Ceacht 14), lacha, caora, uan, coileach (Ceacht 32), gé (Ceacht 32), leon (Ceacht 39).

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Chuaigh Páid agus a chara trasna na páirce tráthnóna amháin. Chonaic siad coinín ag rith.

Agallamh

PÁID: Féach ar an gcoinín, a Sheáin.
SEÁN: Cá bhfuil sé? Ní fhaca mé coinín riamh.
PÁID: Tá sé imithe anois.
SEÁN: Bhí eagla air, is dócha.

Cuntas Reatha

Rith na buachaillí isteach i bpáirc eile.

Agallamh

SEÁN: Ó! tá bó anseo.
PÁID: Ní bó é sin ach tarbh.
SEÁN: Ó! tá sé ag teacht. Rith leat.

Cuntas Reatha

Rith na buachaillí abhaile go tapaidh. D'inis siad an scéal do Mhamaí.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Cá ndeachaigh Páid agus a chara?
Chonaic siad rud éigin?

Abair le Seán féachaint ar an gcoinín, a "Pháid".
Ceist agat faoin gcoinín, a "Sheáin".
Chonaic tú coiníní go minic, is dócha?

Níl sé ann anois, a "Pháid"?
Cén fáth ar imigh sé, a "Sheáin"?

Céard a rinne na buachaillí ansin?

Céard atá sa pháirc, a "Sheáin"?
An bhfuil an ceart aige, a "Pháid"?
Cá bhfuil sé, a "Sheáin"?
Abair leis rith.

Céard a rinne na buachaillí?
D'inis siad an scéal do dhuine éigin?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Ní fhaca mé *coinín* riamh ach chonaic mé *sionnach* go minic.
   (ainmneacha éan agus ainmhithe éagsúla a chur isteach anseo, m.sh. *moncaí, leon, caora, tarbh, lao, bó, uan, lacha, coileach, gé,* etc.).
2. Bhí eagla *air*.
   (*mise, tusa, ise, sibh, iadsan, Seán, an buachaill*).
3. D'inis siad an scéal *do Mhamaí*.
   (*mise, tusa, eisean, ise, iadsan*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Scéal a chumadh:
   "*Chuaigh mé trasna na páirce tráthnóna amháin . . .*"
   Ceisteanna ó pháistí eile.
3. Dráma:
   Seán agus Páid ag insint do Mhamaí faoin gcoinín agus faoin tarbh.
4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.
5. Cluiche sa chlós:
   Tarbh ina chodladh, páistí ag teacht isteach sa pháirc; cuireann an tarbh búir as, teitheann na páistí, ritheann an tarbh ina ndiaidh.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Bhí Páid agus Seán amuigh faoin tuath
Amuigh faoin tuath, amuigh faoin tuath
Chonaic siad coinín is madra rua
Amuigh faoin tuath lá samhraidh

II

Rith an coinín ar cos in airde
Rith an madra rua ina dhiaidh
Hí! Hí! Hí! a deir na buachaillí
Tá 'n coinín slán ón madra rua.